Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**8959/18**

**DEVGEN 67**
**ACP 38**
**RELEX 407**
**FIN 387**
**OCDE 4**
**ONU 39**
**CLIMA 82**
**WTO 132**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Bealtaine 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8551/18 |
| Ábhar: | "Infheistiú san Fhorbairt Inbhuanaithe" agus Tuarascáil Bhliantúil 2018 don Chomhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais i réimse na Cabhrach um Fhorbairt<br>- Conclúidí ón gComhairle (22 Bealtaine 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le "Infheistiú san Fhorbairt Inbhuanaithe" agus Tuarascáil Bhliantúil 2018 don Chomhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais Eorpaigh i réimse na Cabhrach um Fhorbairt, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3618ú cruinniú a bhí aici ar an 22 Bealtaine 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**"Infheistiú san Fhorbairt Inbhuanaithe" agus Tuarascáil Bhliantúil 2018 don Chomhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais Eorpaigh i réimse na Cabhrach um Fhorbairt**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, ar dlúthchuid é de Chlár Oibre 2030 agus a sholáthraíonn creat domhanda do mhaoiniú d'fhorbairt. Leagtar amach ann múnla nua chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach trí na sreabha airgeadais go léir a úsáid go héifeachtach mar aon le modhanna cur chun feidhme neamhairgeadais, agus béim á leagan ar ghníomhaíocht intíre agus ar bheartais fhónta.

2. Dearbhaítear gealltanais an Aontais agus na mBallstát maidir le maoiniú d'fhorbairt leis an gcomhdhearcadh Eorpach a glacadh i mí Meithimh na bliana 2017, ar comhdhearcadh é a chuireann le Clár Oibre 2030, Clár Oibre Addis, Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus creat Sendai um laghdú rioscaí tubaistí.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin "Infheistiú san Fhorbairt Inbhuanaithe – an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa a chur chun feidhme"[1].

4. Molann an Chomhairle na hiarrachtaí a rinne an tAontas gona Bhallstáit in 2015-2017 chun dul chun cinn a bhaint amach maidir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, mar aon leis na dea-thorthaí a bhain siad amach go dtí seo sa chuid is mó de na réimsí gníomhaíochta.

5. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le foinsí maoinithe uile Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (poiblí/príobháideach, intíre/idirnáisiúnta) agus cuireann sí in iúl an athuair a thábhachtaí atá cur chuige cuimsitheach comhtháite chun tacú le tíortha i mbéal forbartha agus leas á bhaint as maoiniú breise agus modhanna eile cur chun feidhme acu. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearbhaíonn an tAontas gona Bhallstáit a ngealltanais i ndáil le maoiniú don fhorbairt.

[1] 8262/18 - SWD(2018) 148 final

6. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil creat beartais cumasúcháin ar leibhéil éagsúla agus cur chuige réamhghníomhach a fhéachann le sineirgí de bheartais éagsúla de dhíth ó thaobh spriocanna comhtháite idirnasctha de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gné ríthábhachtach comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt (PCD) chun SDGanna a bhaint amach agus a chuireann ar bhealach tábhachtach leis an gcuspóir níos leithne atá sa chomhtháthú beartais ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe (PCSD).

7. Tá an Chomhairle ag súil go leanfar leis an obair leis na Náisiúin Aontaithe, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus le bainc forbartha iltaobhacha agus déthaobhacha d'fhonn Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa a chur chun feidhme agus sásraí a fhorbairt le faireachán a dhéanamh ar thionchar an chláir oibre agus le measúnú a dhéanamh ar na torthaí, rud a chuireann le cuntasacht, leis an trédhearcacht agus le breisluach. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire toradh an Fhóraim maidir le Maoiniú don Fhorbairt a thionóil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe ar an 23-26 Aibreán 2018 i Nua-Eabhrac.

**Acmhainní Poiblí Intíre**

8. Meabhraítear don Chomhairle gur codanna tábhachtacha den chonradh sóisialta idir an rialtas agus saoránaigh iad cur ar fáil maoinithe phoiblí intíre agus úsáid éifeachtach an mhaoinithe sin agus go bhfuil siad bunriachtanach maidir le fás cuimsitheach, le díothú na bochtaineachta, le míchothromaíochtaí a laghdú agus le forbairt inbhuanaithe. Ach beartais chánacha agus bailiúchán cánach níos fearr a bheith ann féadfar cur ar fáil acmhainní poiblí intíre a fheabhsú. Leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit d'aghaidh a thabhairt ar sheachaint cánach agus ar shreafaí aindleathacha airgeadais agus de thacaíocht a thabhairt d'athchóiriú an bheartais chánach, do riaradh cánach agus do chomhar idirnáisiúnta maidir le cúrsaí cánach d'fhonn cuidiú le héifeachtúlacht, éifeachtacht agus cothroime córas cánach i dtíortha comhpháirtíochta a fheabhsú. Thairis sin, déanfaidh an tAontas gona Bhallstáit córais bhainistithe caiteachais phoiblí a bheidh fónta trédhearcach a chur chun cinn tuilleadh. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá cur ar fáil agus úsáid acmhainní ar bhealaí éifeachtacha, éifeachtúla a chur chun cinn, trí thionscnaimh amhail 'cruinnigh níos mó agus caith ar bhealach níos fearr' agus a leithéid.

9. Tugann an Chomhairle dá haire go gcuidíonn tacaíocht bhuiséid an Aontais le rialachas daonlathach, le bainistiú airgeadais phoiblí agus le hioncam intíre a chur ar fáil i dtíortha comhpháirtíochta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit fós tiomanta do thacaíocht a thabhairt do chur ar fáil ioncaim intíre mhéadaithe agus go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le Tionscnamh Cánach Addis lena n-áirítear an gealltanas a thug a chomhaltaí tacaíocht dhúbailte a thabhairt do chur ar fáil ioncaim intíre faoi 2020.

10. Molann an Chomhairle go dtabharfaí tacaíocht leantach do thionscnaimh chun dea-rialachas airgeadais a chur chun cinn, chun trédhearcacht idirbhearta idirnáisiúnta airgeadais a fheabhsú agus an t-éilliú, dlínsí atá neamh-chomhoibríoch ó thaobh cúrsaí cánach de, sreafaí aindleathacha airgeadais, imghabháil chánach, seachaint cánach agus cleachtais dhíobhálacha eile a chomhrac. Leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit orthu de rannpháirtíocht na dtíortha uile a spreagadh i gcomhar cánach idirnáisiúnta, faisnéis a roinnt thar theorainneacha agus de thacú le creataí réigiúnacha comhair i ndáil le riarachán cánach.

**Gnó Príobháideach agus Airgeadas Intíre agus Idirnáisiúnta**

11. Ba cheart don Aontas gona Bhallstáit leanúint de thimpeallacht a chur chun cinn a chuideoidh le sreabha infheistíochta príobháideacha maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe a mhéadú ar an leibhéal intíre agus idirnáisiúnta.

12. Meabhraítear don Chomhairle gur ag dul i méid atá tábhacht na hearnála príobháidí mar gheallsealbhóir i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus go bhfuil ról lárnach aici mar chruthaitheoir post cuibhiúil, do mhná agus do dhaoine óga go háirithe, agus fáis chuimsithigh inbhuanaithe. Iarrann an Chomhairle breis trédhearcachta a bheith ann i dtaobh oibríochtaí na hearnála poiblí lena rannchuidítear leis an bhforbairt inbhuanaithe agus go dtabharfaí tacaíocht leantach d'fheabhsú thimpeallacht na hinfheistíochta, do ghnó lena n-éascaítear timpeallacht agus forbairt na hearnála príobháidí atá cuimsitheach inbhuanaithe, go háirithe do mhicrifhiontair, agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Ba chóir go neartófaí na hiarrachtaí sin le Plean Infheistíochta na hEorpa agus go gcuirfí feabhas ar rochtain ar airgeadas do mhicrifhiontair, agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ag díriú go háirithe ar fhiontraíocht na hóige agus na mban.

13. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go mba cheart go mbeadh caighdeáin chearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta, prionsabail threoracha, comhionannas inscne agus gealltanais i dtaca le hiompar freagrach gnó, tionchar comhshaoil infheistíochta agus forbartha inbhuanaithe, trédhearcachta agus freagrachta sóisialta corparáidí mar phríomhghnéithe d'infheistíochtaí na hearnála príobháidí agus is gá go n-éireoidh samhaltacha gnó faoi seach astu.

14. Meabhraítear don Chomhairle gur príomhfhoinse phríobháideach maoinithe iad íocaíochtaí do thíortha i mbéal forbartha agus go bhfuil siad riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe i roinnt mhaith tíortha comhpháirtíochta agus ba cheart an leas is fearr is féidir a bhaint as an tionchar a bhíonn acu ar an bhforbairt. Beidh an tAontas gona Bhallstáit ag obair i gcomhar le comhpháirtithe na hearnála príobháidí agus le páirtithe eile chun costas íocaíochtaí imirceach a laghdú go níos lú ná 3% den mhéid a aistrítear. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún gona Bhallstáit na hiarrachtaí a láidriú chun feabhas a chur ar úsáid tháirgiúil na n-íocaíochtaí.

**Comhar um Fhorbairt Idirnáisiúnta**

15. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur tosaíocht é an comhar um fhorbairt i gcaidreamh seachtrach an Aontais; is é príomhchuspóir dó, an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur léi ar fad, mar a léirítear sna Conarthaí.

16. Is díol sásaimh don Chomhairle gur fhoilsigh an Coimisiún an réamh-fhaisnéis maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) 2017 an Aontais Eorpaigh[2], lena ndearnadh anailís ar na treochtaí i ndáil le gealltanais chomhpháirteacha agus aonair an Aontais i dtaca le cúnamh oifigiúil um fhorbairt[3]. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an athuair gur gné thábhachtach, chatalaíoch é cúnamh oifigiúil um fhorbairt sa mhaoiniú foriomlán atá ar fáil do thíortha i mbéal forbartha agus gur dlúthchuid é de Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa. Cé gur beag é an cúnamh oifigiúil um fhorbairt, ó thaobh cainníochta de, do na tíortha atá i mbéal forbartha ina n-iomláine, is foinse mhór airgeadais é le haghaidh na dtíortha is boichte agus is lú forbairt agus sna stáit leochaileacha agus sna stáit a bhfuil coinbhleacht iontu, nach bhfuil an acmhainn intíre acu teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí eile.

---

[2] https://ec.europa.eu/europeaid/news-and-events/eu-remains-worlds-leading-donor-development-assistance-eu757-billion-2017_en

[3] Conclúidí ón Uachtaránacht, Comhairle Eorpach an 16 agus an 17 Meitheamh 2005 (10255/1/05), Conclúidí ón gComhairle an 10 agus an 11 Samhain 2008 (15480/08) agus Conclúidí ón gComhairle an 26 Bealtaine 2015 (9241/15). Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na ngealltanas.

17. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle ar an 17 Meitheamh 2010 tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile maidir le gealltanais agus comhlíonadh an Aontais agus na mBallstát i leith cúnamh oifigiúil um fhorbairt. Seo an t-ochtú uair a chuirfear tuarascáil maidir leis an iarraidh sin faoi bhráid na Comhairle Eorpaí.

18. Agus an méid thuas á thabhairt ar aird, is mian leis an gComhairle na gnéithe a leanas a thuairisciú don Chomhairle Eorpach:

a. Choimeád an tAontas gona Bhallstáit a seasamh mar an deontóir cúnaimh oifigiúil um fhorbairt is mó ar domhan (féach Léaráid 1), ar fiú 57% den chúnamh oifigiúil um fhorbairt iomlán an méid a thugann siad as measc comhaltaí Choiste Cúnaimh Forbartha (DAC) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OCED) do thíortha i mbéal forbartha.

b. In 2017, chuaigh cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) comhchoiteann suas go EUR 75.7 billiún, ar 0.50% d'ollioncam náisiúnta (OIN)[4] an Aontais é. Tháinig laghdú 2.4% ar ODA comhchoiteann an Aontais i dtéarmaí ainmniúla ó EUR 77.5 billiún, an leibhéal is airde dá raibh air riamh a baineadh amach in 2016 agus a bhí mar 0.53% de OIN an Aontais. Sháraigh ceithre Bhallstát de chuid an Aontais an tairseach 0.7% ODA/OIN (Féach Léaráid 2 agus Tábla 1). I 5 Bhallstát de chuid an Aontais chuaigh cóimheas ODA/OIN suas agus i 9 mBallstát d'fhan sí mar a bhí sí. Murab ionann agus coibhéis ODA/OIN an Aontais, d'fhan meán tíre na dtíortha ar comhaltaí Choiste Cúnaimh Forbartha OCED iad ach nach Ballstáit de chuid an Aontais iad, ag 0.21% in 2017 (mar a bhí sé in 2016)[5].

---

4 Is ionann cúnamh oifigiúil um fhorbairt comhpháirteach an Aontais agus cúnamh oifigiúil um fhorbairt ó Bhallstáit an Aontais agus an chuid den chúnamh oifigiúil um fhorbairt a chuireann institiúidí an Aontais ar fáil nach bhfuil inleagtha ar Bhallstáit. Inleagtar an chuid is mó de chaiteachas institiúidí an Aontais ar chúnamh oifigiúil um fhorbairt ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, chun críocha tuairisciú a dhéanamh ar ODA/OIN, i.e áirítear cuid de chaiteachas na n-institiúidí ar shonraí na mBallstát. Ní inleagtar cúnamh oifigiúil um fhorbairt a chuirtear ar fáil trí acmhainní an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (EIB) féin ar Bhallstáit agus tá sé sa bhreis ar cúnamh oifigiúil um fhorbairt na mBallstát.

5 de bhíthin na modheolaíochta a úsáidtear tugtar le fios nach fás atá ann ach i gcás athruithe atá níos mó ná 0.01%; méaduithe atá níos lú ná 0.01% tugtar le fios gur rud cobhsaí iad. In 2017, mar shampla, rinne an Phortaingéil a cúnamh oifigiúil um fhorbairt a mhéadú 0.01% agus meastar gur rud cobhsaí é sin i gcomhréir leis an modheolaíocht a úsáideadh.

c. Laghdú 80% de mhéideanna oibríochtaí faoisimh fiachais arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcomparáid le bliain eisceachtúil 2016 agus méid níos airde athshreabha d'iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta, rud a laghdaigh ODA a thuairiscigh BEI de 28% i gcomparáid le 2016, chuidigh an méid sin le leibhéal níos ísle ODA comhchoiteann an Aontais in 2017. Thairis sin, tá leibhéal na gcostas a íocann an deontóir chun tacú le dídeanaithe ina dtír féin [6] a thuairiscigh roinnt mhaith comhaltaí DAC mar ODA laghdaithe ó EUR 11.2 billiún in 2016 go EUR 10.3 billiún. Léiríonn an laghdú sin go raibh líon níos lú dídeanaithe nuathagtha i roinnt tíortha de chuid an Aontais in 2017 ós rud é nach gcláraítear na speansais a bhaineann le dídeanaithe a óstáil mar ODA ach amháin sa chéad bhliain ina bhfanann na dídeanaithe sa tír óstach.

19. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a ceannaireacht pholaitiúil agus a tiomantas don chabhair um fhorbairt agus meabhraítear di gealltanais aonair agus chomhchoiteanna ODA an Aontais gona Bhallstáit, ar gealltanais iad a luaitear an athuair sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, a thugann treoir do ghníomhaíochtaí institiúidí an Aontais agus na mBallstát maidir lena gcomhar le gach tír i mbéal forbartha. Déanfaidh an tAontas gona Bhallstáit gníomhaíochtaí nithiúla infhíoraithe d'fhonn na gealltanais sin a chur i gcrích agus leanfaidh siad d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus de thuairisciú ar bhonn bliantúil chun trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí a éascú. Is údar imní don Chomhairle an laghdú ar ODA in 2017 tar éis ceithre bliana ceann i ndiaidh a chéile ina raibh méadú ann ag druidim i dtreo na sprice chun 0.7% OIN a sholáthar mar chúnamh oifigiúil um fhorbairt. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil tuilleadh iarrachtaí de dhíth chun an sprioc a bhaint amach.

20. Tugann an Chomhairle dá haire agus is údar mór imní di nach bhfuil aon dul chun cinn déanta ag an Aontas ó thaobh a sprioc chomhchoiteann a bhaint amach chun 0.15% - 0.2% OIN a sholáthar do na tíortha is lú forbairt sa ghearrthéarma, ós rud é gur fós ag 0.11% OIN a bhí an méid sin in 2016[7]. Is cúis imní don Chomhairle an treocht in ODA a thugtar do na tíortha is lú forbairt mar sciar OIN le trí bliana anuas agus an laghdú ar ODA do na tíortha is lú forbairt mar chomhréir ODA comhchoiteann an Aontais. Meabhraítear don Chomhairle gealltanais chomhchoiteanna an Aontais i dtaca le ODA chuig na tíortha is lú forbairt.

---

6 Is i gcomhréir le rialacha OECD-DAC amháin a fhéadfar na costais sin a thuairisciú mar chúnamh oifigiúil um fhorbairt, agus tá an tuairisciú sin teoranta do chostais a tabhaíodh le linn na chéad 12 mhí de thréimhse fanachta dídeanaí.

7 Is í 2016 an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí iomlána ar fáil di. Sa bhliain sin sháraigh sé Bhallstát de chuid an Aontais sprioc 2020 de 0.15% ODA/OIN chuig na tíortha is lú forbairt, féach Tábla 2.

21. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá aird a thabhairt ar éagsúlacht staideanna agus ar dhúshláin shonracha tíortha a théann ó stádas ísealioncaim go stádas meánioncaim. Glacfaidh an tAontas gona Bhallstáit páirt i gcomhar um fhorbairt, idirphlé beartais agus comhpháirtíochtaí le tíortha meánioncaim maidir le forbairt inbhuanaithe, díothú na bochtaineachta, éagothroime ioncaim agus leasanna comhroinnte eile. I gcás tíortha i mbéal forbartha atá céim chun tosaigh i dtreo na forbartha, nó tíortha atá ag dul i dtreo an stádas sin a bhaint amach, a dteastaíonn níos lú cineálacha lamháltais cúnaimh uathu nó nach dteastaíonn cúnamh ar bith uathu, meabhraíonn an Chomhairle go bhforbróidh an tAontas gona Bhallstáit rannpháirtíocht nuálach, lena n-áirítear comhar um fhorbairt agus níos mó ná sin.

22. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún bearta a ghlacadh agus tionscnaimh a sheoladh lena saothraítear maoiniú inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus cuidiú le gealltanais i leith cúnamh oifigiúil um fhorbairt a bhaint amach, lena n-áirítear ag féachaint do ghealltanais i leith na dtíortha is lú forbairt.

23. Ós amhlaidh atá ó thaobh beartas forbartha de, aithníonn an Chomhairle na dúshláin ar leith a bhíonn ag tíortha i mbéal forbartha san Afraic, agus i ndáil leis sin, leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le cúnamh oifigiúil forbartha a dhíriú ar an mór-roinn sin, ag cloí go hiomlán, ag an am céanna, le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha.

24. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil éifeachtacht forbartha bunriachtanach maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach agus ba cheart go mbeidís mar thaca ag gach cineál comhair um fhorbairt. Tá rún daingean ag an Aontas agus na Ballstáit prionsabail éifeachtacht na forbartha a comhaontaíodh i gComhpháirtíocht Busan maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach (GPEDC) a chur i bhfeidhm agus aithníonn siad an dul chun cinn maith a rinneadh mar a measúnaíodh é le próiseas faireacháin GPEDC ach aithníonn siad freisin gur gá leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí sin. Is díol sásaimh freisin don Chomhairle na hiarrachtaí comhchoiteanna a rinneadh agus an méid a baineadh amach maidir le clársceidealú comhpháirteach agus 21 doiciméad clársceidealaithe chomhpháirtigh deiridh ann ag deireadh na bliana 2017. Molann an Chomhairle go nglacfadh na Ballstáit páirt níos mó in éifeachtacht na forbartha, lena n-áirítear i gcomhthéacs GPEDC; agus go ndéanfaí tuilleadh oibre chun clársceidealú comhpháirteach agus cur chun feidhme comhpháirteach a bhaint amach. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair go mba cheart acmhainní ar fad an chomhair um fhorbairt a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil, ar aon dul le prionsabail éifeachtacht na forbartha.

25. Tá an Chomhairle ag tnúth le dul chun cinn maidir le beart staidrimh nua a fhorbairt do thacaíocht oifigiúil iomlán le haghaidh na forbartha inbhuanaithe (TOSSD) trí phléití oscailte, cuimsitheacha trédhearcacha sa tascfhórsa idirnáisiúnta. Agus ról ODA á choinneáil, cuireann an Chomhairle i dtreis go gcabhróidh tacaíocht oifigiúil iomlán le haghaidh na forbartha inbhuanaithe le trédhearcacht agus le hinfheictheacht acmhainní le haghaidh cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a thomhas agus a fheabhsú.

26. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá ar bun ag an Aontas gona Bhallstáit chun acmhainní a chruthú don fhorbairt trí shásraí maoinithe nuálacha. Molann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí leantacha sa réimse sin, lena n-áirítear tríd an bPlean Infheistíochta Seachtraí a chur chun feidhme go gasta.

27. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin na hiarrachtaí atá ar bun chun acmhainní a mhéadú i ndáil le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an imirce agus le forbairt; mar shampla tríd an gCiste Iontaobhais Éigeandála don chobhsaíocht ar fiú os cionn EUR 3.4 billiún é.

28. Meabhraíonn an Chomhairle an gealltanas domhanda leas a bhaint go comhpháirteach as USD 100 billiún in aghaidh na bliana faoi 2020 ó fhoinsí éagsúla do mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide. Tathantaíonn an Chomhairle ar thíortha forbartha eile a ngealltanais a chomhlíonadh agus dreasachtaí a thabhairt ionas go mbainfear leas as maoiniú príobháideach chun an sprioc chomhchoiteann sin a bhaint amach. Cuireann an Chomhairle i bhfáth a thábhachtaí atá sé sreabha airgeadais a thabhairt ar aon dul leis an gcur chuige i dtreo leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de. Cuireann an Chomhairle i dtreis an tábhacht a bhaineann leis an athrú aeráide agus an comhshaol a phríomhshruthú go córasach in earnálacha agus in ionstraimí go léir an Aontais agus an tábhacht a bhaineann le comhar a Bhallstát.

29. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá ODA chun spriocanna bithéagsúlachta Aichi a bhaint amach mar aon leis na SDGanna a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus cuireann siad i dtreis freisin a mhéid a chuidíonn an tAontas agus a Bhallstáit leis an sprioc maoinithe idirnáisiúnta i dtaca leis an gComhdháil maidir leis an mBithéagsúlacht. Cuireann an Chomhairle suntais a thábhachtaí atá sé leanúint leis an iarracht sin go dtí 2020, ag teacht leis an ngealltanas foriomlán. Cuireann an Chomhairle i dtreis an athuair gur comhlánú iad na sreafaí airgeadais idirnáisiúnta ar an leithdháileadh intíre treisithe acmhainní le haghaidh na bithéagsúlachta agus nach mór an leithdháileadh treisithe acmhainní a dhéanamh le cois na sreafaí sin lena n-áirítear trí shásraí nuálacha airgeadais agus trí thuairisciú, ó 2020 amach chomh maith céanna.

30. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do 20 %, ar a laghad, dá cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) a leithdháileadh ar an gcuimsiú sóisialta agus ar an bhforbairt dhaonna. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin go dtabharfaidh an tAontas gona Bhallstáit tosaíocht thrasghearrthach i ngach ceann dá réimsí gníomhaíochta do chur chun cinn chearta na mban agus chearta na gcailíní, don chomhionannas inscne, do chumhachtú na mban agus na gcailíní agus dá gcosaint.

**An Trádáil Idirnáisiúnta mar Uirlis Forbartha**

31. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil an trádáil ar cheann de na príomhghnéithe chun fás cuimsitheach agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, agus gur bealach fíor-riachtanach cur chun feidhme í le haghaidh Chlár Oibre 2030. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an tAontas gona Bhallstáit go mór leis an gcóras iltaobhach trádála agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Tá an tAontas gona Bhallstáit meáite ar threisiú leis an trádáil idirnáisiúnta mar uirlis forbartha i bhfianaise na bprionsabal maidir le cearta an duine agus a thiomanta atáimidne do SDGanna. Is é an tAontas an comhpháirtí trádála is mó atá ag na tíortha i mbéal forbartha agus ba cheart gurb é an margadh is mó a mbeadh rochtain acu air.

32. Molann an Chomhairle go leanfaí de bheith ag tacú leis an gcúnamh le haghaidh na trádála ag teacht le conclúidí roimhe seo, lena n-áirítear an gealltanas a tugadh gur chóir don Aontas agus do na Ballstáit an cúnamh a chuirtear ar fáil do na tíortha is lú forbairt a mhéadú le haghaidh trádála, ionas gurb ionann é agus an ceathrú cuid dá gcaiteachas sa réimse sin, chun cur le hacmhainneacht onnmhairiúcháin na dtíortha sin agus ar an gcaoi sin go mbeadh dhá oiread de sciar acu den mhargadh domhanda onnmhairiúcháin.

**Fiachas agus Inbhuanaitheacht Fiachais**

33. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais cleachtais fhreagracha i dtaca le hiasachtú agus le hiasachtaíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear nuair a dhéanann an tAontas deontais agus iasachtaí a chumasc ina chúnamh seachtrach, agus tacú leis an gcomhordú, leis an idirphlé agus leis an trédhearcacht idir na geallsealbhóirí. Agus í ag tabhairt dá haire go bhfuil ag géarú ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn a bhaineann le fiachas sna tíortha i mbéal forbartha, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé tacú leis an méid atá á dhéanamh ag tíortha i mbéal forbartha fiachas neamh-inbhuanaithe a sheachaint, trí idirphlé beartais agus trí acmhainní a fhothú i dtaca le bainistiú fiachais, bainistiú airgeadais poiblí agus feidhm a bhaint as ioncam intíre. Tacaíonn an tAontas gona Bhallstáit le rannpháirtíocht creidiúnaithe atá ag teacht chun cinn sa phlé a dhéanfar i bhfóraim dhifriúla, i gClub Pháras go háirithe, arb é an príomhfhóram idirnáisiúnta le hathstruchtúrú a dhéanamh ar fhiachas déthaobhach oifigiúil. Meabhraíonn an Chomhairle gur cheart an inbhuanaitheacht fiachais agus an chuntasacht fiachais a chur san áireamh go hiomlán agus an cumasc ar bun agus gur cheart freisin suaití sa mhargadh agus rioscaí buiséadacha a sheachaint.

**Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna córasacha**

34. Is díol sásaimh don Chomhairle an ról gníomhach atá ag an Aontas gona Bhallstáit maidir leis an athchóiriú ar an rialachas idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus a chur chun cinn agus is díol sásaimh di freisin a mhéid atá an tAontas gona Bhallstáit ag tacú le rannpháirtíocht na dtíortha i mbéal forbartha sa rialachas idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit de bheith ag tacú go gníomhach le moltaí Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis na Náisiúin Aontaithe a athchóiriú, lena n-áirítear an t-athchóiriú ar Chóras Forbartha na Náisiún Aontaithe.

**Eolaíocht, Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus Fothú Acmhainní**

35. Meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá TFC agus an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht má táthar le tairbhe a bhaint as an digitiú chun an saol a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a ghabhann le réabhlóid na teicneolaíochta. Molann an Chomhairle don Choimisiún agus do na Ballstáit príomhshruthú a dhéanamh ar shlí níos fearr ar réitigh dhigiteacha agus go gcuirfear TFC agus an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht chun cinn, lena n-áirítear chun acmhainní a fhothú i gcás taighde, an rud is mó a chuireann borradh faoin nuálaíocht i dtíortha i mbéal forbartha. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil feidhm thábhachtach ag tíortha forbartha agus, go háirithe, ag na geilleagair atá ag teacht chun cinn anois i dtaca leis an teicneolaíocht a fhorbairt, a aistriú agus a scaipeadh, mar aon le hacmhainní a fhorbairt agus an comhar eolaíoch agus teicneolaíoch, lena n-áirítear na tíortha sin is lú forbairt.

**Faireachán Sonraí agus Obair Leantach**

36. Meabhraíonn an Chomhairle an tacaíocht atá á cur ar fáil ag an Aontas maidir le creat táscairí domhanda a fhorbairt lena ndéanfar faireachán ar Chlár Oibre 2030, bunaithe a mhéid is féidir ar na táscairí atá ann cheana, d'fhonn tacair stóinsithe sonraí agus réitigh chostéifeachtacha a áirithiú, cé go mb'fhéidir go mba ghá táscairí nua a fhorbairt freisin. Measann an Chomhairle gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit cur leis an tacaíocht atá á cur ar fáil do thíortha i mbéal forbartha i leith fothú acmhainní agus an teacht atá ar shonraí iontaofa, tráthúla, ar ardchaighdeán, a mhéadú go mór, chun tacú i gcónaí leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh feabhas a chur ar chumhdach agus ar cháilíocht sonraí i gcás tíortha i mbéal forbartha.

**Gealltanais agus spriocanna chúnamh oifigiúil um fhorbairt an Aontais Eorpaigh a bhí ann roimhe seo**

**(Conclúidí ón gComhairle, an 24 Bealtaine 2005 (9266/05), mír 4)**

'Tá géarghá le cúnamh oifigiúil um fhorbairt méadaithe chun spriocanna forbartha mílaoise a bhaint amach ... glacann an tAontas le sprioc chomhpháirteach nua an Aontais 0.56% ODA/OIN a bhaint amach faoi 2010, a mbeadh EUR 20 billiún de chúnamh oifigiúil um fhorbairt sa bhreis mar thoradh air faoin am sin.

(i) Na Ballstáit nach bhfuil leibhéal 0.51% ODA/OIN bainte amach acu fós, geallann siad, faoi chuimsiú a bpróiseas leithdháilte buiséadach faoi seach, an leibhéal sin a bhaint amach faoi 2010, agus na Ballstáit atá os cionn an leibhéil sin cheana féin, geallann siad go leanfaidh siad ar aghaidh lena n-iarrachtaí;

(ii) Na Ballstáit a chuaigh isteach san Aontas Eorpach tar éis 2002, agus nach bhfuil leibhéal 0.17% ODA/OIN bainte amach acu fós, déanfaidh siad gach iarracht a gcúnamh oifigiúil um fhorbairt a mhéadú sa chaoi go sroichfidh siad, laistigh dá bpróisis leithdháilte bhuiséadacha faoi seach, an leibhéal sin faoi 2010, agus na Ballstáit atá cheana os cionn an leibhéil sin, geallann siad go gcoinneoidh siad lena n-iarrachtaí.

(iii) Geallann Ballstáit an sprioc ODA/OIN 0.7% a bhaint amach faoi 2015 agus na Ballstáit a bhfuil an sprioc sin bainte amach acu, geallann siad go bhfanfaidh siad os cionn na sprice sin; na Ballstáit a tháinig isteach san Aontas tar éis 2002, déanfaidh siad gach iarracht a ODA/OIN a mhéadú go 0.33% faoi 2015.'

**Gealltanais agus Spriocanna reatha chúnamh oifigiúil um fhorbairt an Aontais Eorpaigh**


**(Conclúidí ón gComhairle, an 26 Bealtaine 2015 (9241/15, mír 31-33))**

Tá an tAontas gona Bhallstáit ina soláthraithe flaithiúla cúnaimh oifigiúil um fhorbairt (ODA), agus iadsan a chuir níos mó ná leath den chúnamh oifigiúil um fhorbairt ar fáil le blianta beaga anuas. Cé gur beag é cúnamh oifigiúil um fhorbairt, ó thaobh cainníochta, do na tíortha atá i mbéal forbartha ina n-iomláine, is foinse mór airgeadais é le haghaidh na dtíortha is lú forbairt agus na stát leochaileach, nach bhfuil an acmhainn intíre acu chun teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí eile. Lena chois sin, is féidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt bheith ina chabhair chun modhanna eile cur chun feidhme a ghiaráil, go háirithe maoiniú intíre poiblí agus infheistíocht na hearnála príobháidí, ach an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuáil freisin.


Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta an sprioc 0.7% ODA/OIN a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Athdhearbhaíonn Ballstáit sin an Aontais a bhí ina mBallstáit roimh 2002 go bhfuil siad tiomanta don sprioc 0.7% ODA/OIN a bhaint amach, agus na himthosca buiséadacha á gcur san áireamh, agus tá na Ballstáit a bhain an sprioc sin amach tiomanta don sprioc a choimeád nó do leibhéal níos airde a bhaint amach; na Ballstáit a tháinig isteach san Aontas tar éis 2002, déanfaidh siad gach iarracht a ODA/OIN a mhéadú go 0.33%.

Ba cheart go gcuideodh an pobal idirnáisiúnta le hacmhainní a dhíriú ar na háiteanna sin is mó a bhfuil gá leo iontu, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu. I gcomhthéacs an ghealltanais iomláin maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt, agus ag cloí go hiomlán le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé meáite tacaíocht a thabhairt do na tíortha is lú forbairt. Gabhann an tAontas Eorpach air féin, go comhpháirteach, an sprioc 0.15 - 0.20 % ODA/OIN a bhaint amach i gcás na dtíortha is lú forbairt sa ghearrthéarma, agus an sprioc maidir le 0.20 % OIN a bhaint amach i gcás na dtíortha is lú forbairt laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015.'

Léaráid 1 – ODA comhchoiteann an Aontais i gcomparáid le deontóirí DAC nach Ballstáit de chuid an Aontais iad



Léaráid 2 – An bhearna idir leibhéil ODA 2017 agus spriocanna aonair comhaontaithe na 28 mBallstát agus treo an athraithe ó 2016 go 2017[1]




1 de bhíthin na modheolaíochta a úsáidtear tugtar le fios nach fás atá ann ach i gcás athruithe atá níos mó ná 0.01%; méaduithe atá níos lú ná 0.01% tugtar le fios gur rud cobhsaí iad. In 2017, mar shampla, rinne an Phortaingéil a cúnamh oifigiúil um fhorbairt a mhéadú 0.01% agus meastar gur rud cobhsaí é sin i gcomhréir leis an modheolaíocht a úsáideadh.

Tábla 1 – ODA comhchoiteann an Aontais (glan) 2004-2017

| Ballstát | 2004 | | 2005 | | 2006 | | 2007 | | 2008 | | 2009 | | 2010 | | 2011 | | 2012 | | 2013 | | 2014 | | 2015 | | 2016 | | 2017 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN | EUR Milliún | % de OIN |
| An Ostair | 545 | 0.23 | 1,266 | 0.52 | 1,194 | 0.47 | 1,321 | 0.50 | 1,188 | 0.43 | 820 | 0.30 | 912 | 0.32 | 799 | 0.27 | 860 | 0.28 | 882 | 0.27 | 930 | 0.28 | 1,193 | 0.35 | 1,479 | 0.42 | 1,091 | 0.30 |
| An Bheilg | 1,178 | 0.41 | 1,580 | 0.53 | 1,575 | 0.50 | 1,425 | 0.43 | 1,654 | 0.48 | 1,874 | 0.55 | 2,268 | 0.64 | 2,019 | 0.54 | 1,801 | 0.47 | 1,732 | 0.45 | 1,845 | 0.46 | 1,717 | 0.42 | 2,080 | 0.55 | 1,955 | 0.45 |
| An Bhulgáir | - | - | - | - | 1 | 0.00 | 17 | 0.06 | 13 | 0.04 | 12 | 0.04 | 31 | 0.09 | 35 | 0.09 | 31 | 0.08 | 37 | 0.10 | 37 | 0.09 | 37 | 0.09 | 61 | 0.13 | 55 | 0.11 |
| An Chróit | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 15 | 0.03 | 15 | 0.03 | 32 | 0.07 | 54 | 0.12 | 46 | 0.09 | 37 | 0.07 | 44 | 0.09 |
| An Chipir | 4 | 0.03 | 12 | 0.09 | 21 | 0.15 | 25 | 0.17 | 26 | 0.17 | 33 | 0.20 | 39 | 0.23 | 27 | 0.16 | 20 | 0.12 | 15 | 0.10 | 15 | 0.10 | 16 | 0.09 | 16 | 0.09 | 16 | 0.09 |
| Poblacht na Seice | 87 | 0.11 | 109 | 0.11 | 128 | 0.12 | 131 | 0.11 | 173 | 0.12 | 154 | 0.12 | 172 | 0.13 | 180 | 0.12 | 171 | 0.12 | 159 | 0.11 | 160 | 0.11 | 179 | 0.12 | 235 | 0.14 | 242 | 0.13 |
| An Danmhairg | 1,640 | 0.85 | 1,697 | 0.81 | 1,782 | 0.80 | 1,872 | 0.81 | 1,944 | 0.82 | 2,018 | 0.88 | 2,168 | 0.91 | 2,108 | 0.85 | 2,095 | 0.83 | 2,205 | 0.85 | 2,264 | 0.86 | 2,313 | 0.85 | 2,142 | 0.75 | 2,130 | 0.72 |
| An Eastóin | 4 | 0.05 | 8 | 0.08 | 11 | 0.09 | 12 | 0.08 | 15 | 0.10 | 13 | 0.10 | 14 | 0.10 | 17 | 0.11 | 18 | 0.11 | 23 | 0.13 | 28 | 0.14 | 31 | 0.15 | 39 | 0.19 | 38 | 0.17 |
| An Fhionlainn | 547 | 0.37 | 726 | 0.46 | 665 | 0.40 | 717 | 0.39 | 808 | 0.44 | 926 | 0.54 | 1,006 | 0.55 | 1,011 | 0.53 | 1,027 | 0.53 | 1,081 | 0.54 | 1,232 | 0.59 | 1,161 | 0.55 | 958 | 0.44 | 935 | 0.41 |
| An Fhrainc | 6,820 | 0.41 | 8,067 | 0.47 | 8,445 | 0.47 | 7,220 | 0.38 | 7,562 | 0.39 | 9,049 | 0.47 | 9,751 | 0.50 | 9,348 | 0.46 | 9,358 | 0.45 | 8,543 | 0.41 | 8,005 | 0.37 | 8,149 | 0.37 | 8,701 | 0.38 | 10,080 | 0.43 |

| Ballstát | 2004 | | 2005 | | 2006 | | 2007 | | 2008 | | 2009 | | 2010 | | 2011 | | 2012 | | 2013 | | 2014 | | 2015 | | 2016 | | 2017 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** |
| An Ghearmáin | 6,064 | 0.28 | 8,112 | 0.36 | 8,313 | 0.36 | 8,978 | 0.37 | 9,693 | 0.38 | 8,674 | 0.35 | 9,804 | 0.39 | 10,136 | 0.39 | 10,067 | 0.37 | 10,717 | 0.38 | 12,486 | 0.42 | 16,173 | 0.52 | 22,368 | 0.70 | 21,895 | 0.66 |
| An Ghréig | 258 | 0.16 | 309 | 0.17 | 338 | 0.17 | 366 | 0.16 | 488 | 0.21 | 436 | 0.19 | 383 | 0.17 | 305 | 0.15 | 255 | 0.13 | 180 | 0.10 | 186 | 0.11 | 215 | 0.12 | 333 | 0.19 | 281 | 0.16 |
| An Ungáir | 56 | 0.07 | 81 | 0.11 | 119 | 0.13 | 76 | 0.08 | 74 | 0.08 | 84 | 0.10 | 86 | 0.09 | 100 | 0.11 | 92 | 0.10 | 97 | 0.10 | 109 | 0.11 | 140 | 0.13 | 180 | 0.17 | 132 | 0.11 |
| Éire | 489 | 0.39 | 578 | 0.42 | 814 | 0.54 | 871 | 0.55 | 921 | 0.59 | 722 | 0.54 | 676 | 0.52 | 657 | 0.51 | 629 | 0.47 | 637 | 0.46 | 615 | 0.38 | 648 | 0.32 | 726 | 0.32 | 717 | 0.30 |
| An Iodáil | 1,981 | 0.15 | 4,096 | 0.29 | 2,901 | 0.20 | 2,901 | 0.19 | 3,370 | 0.22 | 2,368 | 0.16 | 2,262 | 0.15 | 3,111 | 0.20 | 2,129 | 0.14 | 2,566 | 0.17 | 3,022 | 0.19 | 3,610 | 0.22 | 4,601 | 0.27 | 5,086 | 0.29 |
| An Laitvia | 7 | 0.06 | 9 | 0.07 | 9 | 0.06 | 12 | 0.06 | 15 | 0.07 | 15 | 0.07 | 12 | 0.06 | 14 | 0.07 | 16 | 0.08 | 18 | 0.08 | 19 | 0.08 | 21 | 0.09 | 27 | 0.11 | 29 | 0.11 |
| An Liotuáin | 7 | 0.04 | 12 | 0.06 | 20 | 0.08 | 35 | 0.11 | 33 | 0.11 | 26 | 0.11 | 28 | 0.10 | 37 | 0.13 | 40 | 0.13 | 38 | 0.11 | 34 | 0.10 | 43 | 0.14 | 52 | 0.14 | 52 | 0.13 |
| Lucsamburg | 190 | 0.79 | 206 | 0.79 | 232 | 0.89 | 274 | 0.92 | 288 | 0.97 | 298 | 1.04 | 304 | 1.05 | 294 | 0.97 | 310 | 1.00 | 323 | 1.00 | 319 | 1.06 | 327 | 0.95 | 354 | 1.00 | 377 | 1.00 |
| Málta | 8 | 0.18 | 7 | 0.17 | 7 | 0.15 | 8 | 0.15 | 11 | 0.20 | 10 | 0.18 | 10 | 0.18 | 14 | 0.25 | 14 | 0.23 | 14 | 0.20 | 15 | 0.20 | 15 | 0.17 | 19 | 0.20 | 23 | 0.22 |
| An Ísiltír | 3,384 | 0.73 | 4,115 | 0.82 | 4,343 | 0.81 | 4,547 | 0.81 | 4,848 | 0.80 | 4,615 | 0.82 | 4,800 | 0.81 | 4,563 | 0.75 | 4,297 | 0.71 | 4,094 | 0.67 | 4,200 | 0.64 | 5,162 | 0.75 | 4,491 | 0.65 | 4,395 | 0.60 |
| An Pholainn | 95 | 0.05 | 165 | 0.07 | 239 | 0.09 | 265 | 0.10 | 258 | 0.08 | 269 | 0.09 | 285 | 0.08 | 300 | 0.08 | 328 | 0.09 | 355 | 0.10 | 341 | 0.09 | 397 | 0.10 | 600 | 0.15 | 598 | 0.13 |
| An Phortaingéil | 830 | 0.63 | 303 | 0.21 | 316 | 0.21 | 344 | 0.22 | 430 | 0.27 | 368 | 0.23 | 490 | 0.29 | 509 | 0.31 | 452 | 0.28 | 368 | 0.23 | 324 | 0.19 | 278 | 0.16 | 310 | 0.17 | 336 | 0.18 |
| An Rómáin | - | - | - | - | 3 | 0.00 | 84 | 0.07 | 85 | 0.09 | 110 | 0.08 | 86 | 0.07 | 118 | 0.09 | 111 | 0.08 | 101 | 0.07 | 162 | 0.11 | 143 | 0.09 | 243 | 0.15 | 250 | 0.15 |
| Poblacht na Slóvaice | 23 | 0.07 | 46 | 0.12 | 44 | 0.10 | 49 | 0.09 | 64 | 0.10 | 54 | 0.09 | 56 | 0.09 | 62 | 0.09 | 62 | 0.09 | 65 | 0.09 | 63 | 0.09 | 77 | 0.10 | 96 | 0.12 | 100 | 0.12 |

| Ballstát | 2004 | | 2005 | | 2006 | | 2007 | | 2008 | | 2009 | | 2010 | | 2011 | | 2012 | | 2013 | | 2014 | | 2015 | | 2016 | | 2017 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** | **EUR Milliún** | **% de OIN** |
| An tSlóivéin | 25 | 0.10 | 28 | 0.11 | 35 | 0.12 | 40 | 0.12 | 47 | 0.13 | 51 | 0.15 | 44 | 0.13 | 45 | 0.13 | 45 | 0.13 | 46 | 0.13 | 46 | 0.12 | 57 | 0.15 | 74 | 0.19 | 68 | 0.16 |
| An Spáinn | 1,962 | 0.24 | 2,429 | 0.27 | 3,038 | 0.32 | 3,755 | 0.37 | 4,761 | 0.45 | 4,728 | 0.46 | 4,492 | 0.43 | 3,001 | 0.29 | 1,585 | 0.16 | 1,789 | 0.17 | 1,415 | 0.13 | 1,259 | 0.12 | 3,868 | 0.35 | 2,142 | 0.19 |
| An tSualainn | 2,191 | 0.78 | 2,705 | 0.94 | 3,151 | 1.02 | 3,170 | 0.93 | 3,281 | 0.98 | 3,266 | 1.12 | 3,423 | 0.97 | 4,030 | 1.02 | 4,077 | 0.97 | 4,389 | 1.01 | 4,698 | 1.09 | 6,391 | 1.41 | 4,425 | 0.94 | 4,889 | 1.01 |
| An Ríocht Aontaithe | 6,362 | 0.36 | 8,667 | 0.47 | 9,926 | 0.51 | 7,194 | 0.36 | 7,973 | 0.43 | 8,102 | 0.51 | 9,855 | 0.57 | 9,948 | 0.56 | 10,808 | 0.56 | 13,498 | 0.71 | 14,551 | 0.70 | 16,718 | 0.70 | 16,325 | 0.70 | 15,915 | 0.70 |
| **AE15 Iomlán** | **34,441** | **0.35** | **44,856** | **0.44** | **47,033** | **0.43** | **44,954** | **0.39** | **49,207** | **0.43** | **48,264** | **0.45** | **52,594** | **0.46** | **51,840** | **0.44** | **49,749** | **0.42** | **53,003** | **0.44** | **56,091** | **0.44** | **65,314** | **0.49** | **73,162** | **0.54** | **72,223** | **0.52** |
| **AE13 Iomlán** | **316** | **0.07** | **476** | **0.09** | **637** | **0.09** | **753** | **0.09** | **815** | **0.09** | **831** | **0.10** | **863** | **0.09** | **965** | **0.10** | **964** | **0.10** | **1,000** | **0.10** | **1,083** | **0.10** | **1,203** | **0.11** | **1,679** | **0.14** | **1,647** | **0.13** |
| **AE28 Iomlán** | **34,756** | **0.34** | **45,332** | **0.42** | **47,670** | **0.41** | **45,706** | **0.37** | **50,021** | **0.40** | **49,096** | **0.42** | **53,457** | **0.44** | **52,805** | **0.42** | **50,713** | **0.39** | **54,004** | **0.41** | **57,174** | **0.41** | **66,516** | **0.46** | **74,841** | **0.51** | **73,870** | **0.49** |
| ODA Institiúidí AE nach n-inleagtar ar na Ballstáit | 1,173 | 0.01 | 1,385 | 0.01 | 1,636 | 0.01 | 1,932 | 0.02 | 2,282 | 0.02 | 2,695 | 0.02 | 3,183 | 0.03 | 3,453 | 0.03 | 4,544 | 0.04 | 2,873 | 0.02 | 2,139 | 0.02 | 1,372 | 0.01 | 2,737 | 0.02 | 1,854 | 0.01 |
| **ODA comhchoiteann an Aontais** | **35,929** | **0.35** | **46,717** | **0.43** | **49,306** | **0.42** | **47,638** | **0.39** | **52,303** | **0.42** | **51,791** | **0.44** | **56,640** | **0.46** | **56,258** | **0.45** | **55,257** | **0.43** | **56,877** | **0.43** | **59,313** | **0.43** | **67,888** | **0.47** | **77,579** | **0.53** | **75,724** | **0.50** |

Tábla 2: ODA Ballstáit AE do na Tíortha is Lú Forbairt (Glan) 2014-2016

| Ballstát | 2014 | | 2015 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin) | Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% de OIN) | ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin) | Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% de OIN) | ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin) | Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% de OIN) |
| **An Ostair** | 272.7 | 0.08 | 200.4 | 0.06 | 226.3 | 0.06 |
| **An Bheilg** | 625.0 | 0.16 | 549.5 | 0.13 | 576.5 | 0.15 |
| **An Bhulgáir** | 8.3 | 0.02 | 7.6 | 0.02 | 13.6 | 0.03 |
| **An Chróit** | 1.9 | 0.00 | 6.4 | 0.01 | 7.5 | 0.02 |
| **An Chipir** | 2.9 | 0.02 | 3.6 | 0.02 | 3.6 | 0.02 |
| **Poblacht na Seice** | 38.6 | 0.03 | 37.1 | 0.02 | 49.9 | 0.03 |
| **An Danmhairg** | 678.0 | 0.26 | 549.5 | 0.20 | 589.7 | 0.21 |
| **An Eastóin** | 6.4 | 0.03 | 5.3 | 0.03 | 6.3 | 0.03 |
| **An Fhionlainn** | 427.7 | 0.21 | 386.9 | 0.18 | 292.2 | 0.13 |
| **An Fhrainc** | 1,924.4 | 0.09 | 2,142.9 | 0.10 | 1,901.9 | 0.08 |
| **An Ghearmáin** | 2,889.1 | 0.10 | 2,340.0 | 0.08 | 3,239.3 | 0.10 |
| **An Ghréig** | 37.4 | 0.02 | 34.3 | 0.02 | 42.7 | 0.02 |
| **An Ungáir** | 21.6 | 0.02 | 23.4 | 0.02 | 36.2 | 0.03 |
| **Éire** | 299.5 | 0.18 | 310.7 | 0.15 | 324.5 | 0.14 |
| **An Iodáil** | 724.4 | 0.04 | 784.6 | 0.05 | 886.9 | 0.05 |

| Ballstát | 2014 | | 2015 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin) | Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% de OIN) | ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin) | Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% de OIN) | ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR Milliúin) | Cóimheas ODA/OIN na dtíortha is lú forbairt (% de OIN) |
| **An Laitvia** | 4.2 | 0.02 | 4.2 | 0.02 | 5.4 | 0.02 |
| **An Liotuáin** | 7.0 | 0.02 | 8.2 | 0.02 | 9.3 | 0.03 |
| **Lucsamburg** | 129.8 | 0.43 | 138.8 | 0.40 | 148.6 | 0.42 |
| **Málta** | 1.5 | 0.02 | 1.9 | 0.02 | 0.9 | 0.01 |
| **An Ísiltír** | 844.4 | 0.13 | 934.4 | 0.14 | 1,071.3 | 0.15 |
| **An Pholainn** | 98.0 | 0.02 | 112.8 | 0.03 | 166.2 | 0.04 |
| **An Phortaingéil** | 89.7 | 0.05 | 81.1 | 0.05 | 90.1 | 0.05 |
| **An Rómáin** | 25.5 | 0.02 | 27.8 | 0.02 | 35.4 | 0.02 |
| **Poblacht na Slóvaice** | 13.2 | 0.02 | 16.7 | 0.02 | 17.1 | 0.02 |
| **An tSlóivéin** | 8.1 | 0.02 | 8.6 | 0.02 | 12.0 | 0.03 |
| **An Spáinn** | 367.0 | 0.03 | 279.7 | 0.03 | 512.3 | 0.05 |
| **An tSualainn** | 1,226.8 | 0.29 | 1,328.1 | 0.29 | 1,271.1 | 0.27 |
| **An Ríocht Aontaithe** | 4,983.2 | 0.24 | 5,514.7 | 0.23 | 5,087.0 | 0.22 |
| **ODA IOMLÁN ó AE 28 do na tíortha is lú forbairt** | **15,756.3** | **0.11** | **15,838.8** | **0.11** | **16,624.1** | **0.11** |